**From:** [redacted]
**To:** forwardplanning
**Subject:** Pleanáil Forbartha an Chontae 2022-28
**Date:** Thursday 10 September 2020 15:56:23

A chara,

Aighneacht ó Seán F. Ó Drisceoil, Taighdeoir re Pleanáil Forbartha an Chontae 2022-28

Cé gur léir go bhfuil tionchur criticiúil ag cúrsaí infrastruchtúir &rl ar shlánú na Gaeltachta, beidh an Chraobh seo ag díriú ach go háirithe ar chúrsaí teanga san Aighneacht seo. Leagann muid amach roinnt prionnsabail, bunaithe ar ár dtaithí mar Chraobh Ghaeltachta, agus mar pháirtí sa phróiséas reatha 'Pleanáil Teanga' atá eagraithe ag An Rialtas. Is gá a rá ag an tús gur beag an chabhair atá an straitéis náisiúnta seo ag fáil ón gcóras 'Rialtas Áitiúil' ach a mhalairt . Feictear dúinn mar Chraobh Ghaeltachta go mbreathnaíonn an Chomhairle Chontae ar an Ghaeltacht mar cheantar go bhfuil siad i gcomórtas leis ó thaobh acmhainní de agus go mbíonn drogall orthu fiú an bheagán a dheineann siad go reachtúil féin a dhéanamh. Ceapann cuid mhaith den phobal go bhfuil an t-institiúid réamh-Stáit seo ann chun bacanna a chur ós comhair iad san atá ag iarraidh fanacht in a gceantar féin seachas pobal bríomhar inbhuanaithe a chothú mar a leagann an AE (EU) a bhfís amach.

Ag aithint go bhfuil fadhbanna le Pleanáil agus Tithíocht i nGaeltachtaí na Gaillimhe, iarraimíd ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe aitheantas a thabhairt don phróiséas Pleanáia Teanga Náisiúnta agus glacadh leis na prionnsapail seo leanas:-

Go mbeidh an Ghaeilge i gceantar Ghaeltachta ina sprioc chaomhnaithe ar nós na timpeallachta

Idir an dá linn, go ndéanfar cinnte nach mbrúfaidh polasaithe reatha cónaitheoirí amach as a nAbhanntracht Scoile ceal tithíochta

Go mbeidh tithíocht inacmhainne ar fáil insna ceantair Ghaeltachta bunaithe ar na treoirlínte náisiúnta ar Bailte Líneacha

Go mbeidh fíor-daonra na Gaeltachta mapáilte i gceart ag an gComhairle Chontae agus a gcinnithe bheith bunaithe ar eolas cruinn.

Is mise, le meas,

Seán F. Ó Drisceoil
Cathaoirleach
Craobh an Athair Uí Ghríofa de Chonradh na Gaeilge
Bearna/Na Forbacha

[redacted]

[redacted]

---

This email has been scanned for spam and viruses by Proofpoint Essentials. Click here to report this email as spam.